COMHGHÁIRDEAS AS NA LUCHARACHÁIN SPRAOIÚLA A AIMSIÚ! NOLLAIG SHONA ÓN BHFOIREANN AR FAD I GCAISLEÁN CHILL CHAINNIGH!

OPW Oifig na nOibreacha Poiblí Office of Public Works

Kilkenny

IRELAND'S ANCIENT EAST



AN NOLLAIG AG CAISLEÁN CHILL CHAINNIGH

Le teacht na Nollag ag Caisleán Chill Chainnigh tagann ocht lucharachán súgarthach freisin. Is féidir an Lucharachán Aoife agus a cairde – Liam, Sibéal, Uaitéar, Eilís, Constance, Hoibeard agus Tiobóid – a aimsiú ar fud an Chaisleáin.

AIRE DHUIT! TÁ LUCHARACHÁIN TIMPEALL!!

...ach bí cúramach – ná cuir lámh orthu nó féadfaidh siad imeacht leo as radharc!



OPW Oifig na nOibreacha Poiblí Office of Public Works

1 SEOMRA BIA

Tá ocras ar Lucharachán Aoife agus is maith léi dul i bhfolach sa Seomra Bia, ag ithe ar feadh an lae.

2 LEABHARLANN

Tá an Leabharlann lán de leabhair; is anseo a chaitheann Lucharachán Liam agus Lucharachán Sibéal gach lá ag léamh scéalta faoi eachtraí móra agus faoi thíortha i bhfad i gcéin.

3 PARLÚS

Sa Pharlús tá an-spraoi ag Lucharachán Eilís – tá mórán cluichí le himirt agus gléasanna ceoil le seinnm.

4 SEOMRA LEAPA GORM

Tá Lucharachán Uaitéar an-chodlatach agus is breá leis fanacht sa leaba chomh fada agus is féidir leis ins an seomra álainn seo.

5 SEOMRA LEAPA SÍNEACH

Bíonn Lucharachán Constance ag taibhreamh faoi thíortha i bhfad i gcéin san Oirthear agus í ag súgradh ins an Seomra Leapa Síneach.

6 GAILEARAÍ NA BPICTIÚR

Tá Lucharachán Hoibeard agus Lucharachán Tiobóid ag súgradh i nGailearaí na bPictiúr – an seomra is mó sa Chaisleán – agus iad ag féachaint ar na pictiúir go léir a bhaineann le Teaghlach na mBuitléarach.